



Spórt TG4 2026— ‘Vodchraoladh’ Seachtainiúil

1

2

3

4

5

Dáta Deiridh d'Iarratais: 16:00, 22ú Nollaig 2025

Tá Spórt TG4 ag beartú Vodchraoladh seachtainiúil i nGaeilge a chur ar fáil ó dheireadh Eanáir go tús Lúnasa 2026 (22/01/26 – 06/08/26) ina ndéanfar clúdach ar na comórtais is tábhachtaí i bhféilire Spórt TG4. Beidh an tsraith le feiceáil ar YouTube gach Déardaoin ag 8pm agus roinnfear na buaicphointí ar ardáin shóisialta chun lucht féachana níos óige a mhealladh agus chun tacú leis an ábhar cuimsitheach spóirt a bhfuil cearta ag TG4 air.

Cuirfidh an vodchraoladh spórt na hÉireann chun cinn i bhformáid inrochtana, chomhráiteach, bunaithe ar luachanna TG4: barántúlacht, meas ar imreoirí, cothromaíocht inscne agus tiomantas don Ghaeilge.

Sonraí:

Spórt TG4 – ‘Vodchraoladh’ Seachtainiúil (Vodchraoladh = Podchraoladh le fíis)

Tréimhse: Eanáir – Lúnasa 2026 (22/01/26 – 06/08/26)

Fad: 40 nóiméad sa tseachtain

Ardán: YouTube + Gearrthóga Sóisialta

Spriocdháta: 22/12/2025

Luach an Togra:

Tá lucht féachana digiteach dúchasach ag caitheamh níos mó agus níos mó ama ar vodchraoltaí agus ar fhíseáin ghearra ar líne. Léiríonn anailís YouTube Spórt TG4 an treocht sin go soiléir:

- **48% den lucht féachana idir 18–34**, an t-aoisghrúpa is fearr don fhormáid vodchraolta.
- **82.8% fir / 17.2% mná**, a léiríonn go bhfuil deis mhór ann an lucht féachana mná a fhás tríd an dá inscne a láimhseáil go cothrom.

Cuideoidh vodchraoladh seachtainiúil le TG4 cur lena bhranda spóirt Gaeilge, a rannpháirtíocht a mhéadú timpeall ar chearta reatha, agus an lucht féachana sin a fhaigheann an chuid is mó dá chuid nuachta spóirt ar líne a bhaint amach. Tacaíonn an fhormáid seo le straitéis dhigiteach TG4 agus comhlíonann sí dualgais seirbhíse poiblí maidir le spórt na hÉireann agus an Ghaeilge.

Ábhar & Cur Chuige Eagarthóireachta:

Croíchlúdach (Ean–Lún 2026)

- Sraitheanna Allianz
- Craobhchomórtais TG4 i bPeil na mBan
- Comórtais Tríú Leibhéal & Faoi Aois CLG
- Rugbaí URC
- Tour de France
- Príomhroinn Sacair na mBan
- Cispheil, Rásaíocht Capall, Liathróid Láimhe

Tabharfar tosaíocht do chomórtais atá ar fáil ar ardáin TG4; clúdófar imeachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta a bhfuil lúthchleasaithe de chuid na hÉireann páirteach iontu; agus beidh comórtais neamh-Éireannacha (m.s. an Premier League) ag bun an liosta tosaíochtaí mura bhfuil baint acu le himreoirí Éireannacha.

Cuimseoidh gach clár réamhamharc gairid ar chluichí TG4 atá le teacht.

Samplaí de Mhíreanna Seachtainiúla:

1. **Plé ar Chluichí na Seachtaine** – Anailís le tacú ó ábhar TG4.
2. **Spotsolas ar Imreoir** – Díriú ar lúthchleasaithe Éireannacha i spóirt éagsúla.
3. **An tSeachtain seo ar Spórt TG4** – Cláir bheo TG4 atá le teacht.
4. **Comhrá an Chontae** – Painéal nó agallamh ag díriú ar chontae nó ar fhoireann.
5. **Gearrthóg na Seachtaine** – Buaicphointe scile do na meáin shóisialta.

Cuireann na míreanna seo comhsheasmhacht leis an tsraith agus cuireann siad ábhar gairid ar ardchaighdeán ar fáil do na meáin shóisialta.

Aíonna & Úsáid Teanga:

- Tosaíocht **d'imreoirí, iar-imreoirí, bainisteoirí** agus foirne a thaispeántar ar TG4.
- **Lucht iriseoireachta Gaeilge** san áireamh.
- Is féidir le haíonna páirt a ghlacadh trí nasc físe; beidh na láithreoirí sa stiúideo.

- Cuirfear an vodchraoladh i láthair go hiomlán **trí Ghaeilge**. Ceadaítear aíonna Béarla nuair is gá.
- Beidh **fotheidil Bhéarla iomlána** ar fáil don lucht féachana trí chóras fotheidil YouTube (le cur le chéile ag an gcomhlacht, 1–2 lá chun sin a chur i gcrích)

Formáid & Stíl Léirithe:

- Timpeallacht neamhfhoirmiúil le téama spóirt (m.sh. seomra feistis nó ionad club).
- Fuaim agus físeán ar ardchaighdeán – ní gá 4K.
- Úsáid le baint as ábhar físe TG4 agus as íomhánna oifigiúla.
- Glór (tuin) cairdiúil: anailís dháiríre ach cur i láthair éasca le tuiscint, gan “lad banter”, meas ar imreoirí, tuairimí láidre ach ciallmhara.

Léargas ar an Sprioc-Lucht Féachana:

Bunaithe ar anailís YouTube Spórt TG4:

- Príomhghrúpa: **Fir 18–34 bliana**, le deis bhreise lucht féachana mná a fhás tríd an nasc leis an LGFA agus trí chlúdach cothrom ar spóirt na mban.
- Lucht féachana tánaisteach: 35–54 bliana, grúpa a úsáideann YouTube go minic freisin.

Aidhm an vodchraolta:

- Freastal ar lucht leanúna óg spóirt ar na hardáin dhigiteacha
- Lucht féachana mná a mhéadú trí chomhtháthú spóirt na mban
- Cuidiú le foghlaimeoirí Gaeilge trí fhotheidil agus luas athsheinnte YouTube
- Láithreach TG4 ar líne a mhéadú trí chomhailíniú le bealaí comhaimseartha tomhaltais spóirt

Foireann & Sreabhadh Oibre:

Róil Thábhachtacha

- **Láithreoir(i):** Duine amháin nó beirt; más beirt, ionadaíocht ar fhir agus ar mhná.
- **Léiritheoir:** Pleanáil eagarthóireachta, aíonna a aimsiú, comhordú.
- **Eagarthóir:** Eagarthóireacht ar an vodchraoladh 40 nóiméad + gearrthóga sóisialta.
- **Fotheidil:** Fotheidil Bhéarla laistigh de 1–2 lá.

Go Seachtainiúil

- **Dé hAoine – Dé Luain:** Pleanáil, aíonna a fháil, píosaí a lorg
- **Dé Máirt:** Taifeadadh
- **Dé Céadaoin:** Eagarthóireacht, fotheidil, QC, mion-íomhá YouTube + meiteashonraí
- **Déardaoin 8pm:** Foilsiú ar YouTube + scaipeadh ar na meáin shóisialta

Féiniúlacht Amhairc:

Leanfaidh an vodchraoladh **brandáil Spórt TG4:**

- Dathanna Spórt TG4, cló, grafaicí
- Leanúnachas i ndearadh mion-íomhánna YouTube
- Timpeallacht spóirt ón bhfhíorshaol don tsraith (club, ionad aclaíochta, seomra feistis)

Féilire Spóirt 2026 (Eanáir - Lúnasa):

Eanáir: Ullmhúchán do Shraitheanna Allianz

Feabhra: Sraitheanna Allianz, Sraitheanna Lidl, URC

Márta: Allianz (peil críochnaithe 29/03), Lidl, URC, Príomhroinn Sacair na mBan

Aibreán: Sraitheanna Iomána Allianz (críochnaithe 05/04), Sraitheanna Lidl (críochnaithe

11/04), URC, Sacar na mBan, Tús le Comórtais U20

Bealtaine: U20 thart, Tús leis na Craobhacha Mionúir, URC

Meitheamh: Craobhacha Mionúir, URC (críochnaithe 20/06), Tús le Craobhchomórtais TG4 i bPeil na mBan

Iúil: Deireadh na gCraobhacha Mionúir, Peil na mBan TG4, Tour de France

Lúnasa: Rásaí na Gaillimhe, Cluichí Ceannais TG4 i bPeil na mBan (02/08)

(Dátaí eile do Rásaíocht, Liathróid Láimhe, Cispheil le fiosrú.)

Eolas Eile d'Iarrthóirí

Is féidir iarratas a sheoladh chuig: shane.walsh@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imreítigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.